# D’éirigh An Tuile Ar Labhrás

Bhí mise lá dul fríd Bhaile an tSratha, bhí madadh is céad i mo thimpeall,
Bhí Úna ‘s a ladar ann, Bríd ‘s a meadar ann, Tadhg ‘s a bhata faoin ionsaí.
Nuair a chonaic bean a’ leanna go raibh mise folamh ba ghéar a rinne sí mo chluimhriú,
Mo hata ‘s mo bhata ‘s mo shean léine chaite, gur chuir sí chun abhaile i mo scoin mé.

Anois a cháilíní ‘n bhaile, go bhfeice mé tart oraibh, ‘s gan aon ní agaibh a íocfadh,
Ach lán bhur ngoile de scadáin ghoirte, sin nó d’eascainí chaora.
‘S gan aon deor uisce bheatha is deise do Ghaillimh, sin nó dhá chéad míle,
‘S gan aon deor leanna bheith fágtha ar na bealaigh ach mise bheith á dtarraingt ‘s a líonadh.

Spleoid ar an airgead, ‘s é an fear cleasach é, is cuma cé aige a mbíonn sé,
Bíonn sé ag na cailleachaí i bpócaí nó i mbarraí, go dtig an dath dubh ar an taobh ghill,
Ach an purse ag an scafaire a bhréagfadh na cailíní, sin nó fear chartadh na díge,
‘S dá dt éamh sé liomsa go tigh a’ leanna, bhéarfainn-se mé amharc na dí dó.

‘S órú chailiní, ‘s órú chailleachaí, d’éirigh an tuile ar Labhrás.



Education Authority
1 Hospital Road, Omagh, Co Tyrone, BT79 0AW
T: +44 (0)28 8241 1411 F: +44 (0)28 8241 1400 Textphone: +44 (0)28 8241 1550 W: www.eani.org.uk